

Eleathanach298

Dé Luain 17 Meán Fómhair 2018

AgroCycle Kids: Dramhaíl Ar Bith!

Beidh AgroCycle Kids ag dul go dtí an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta an tseachtain seo. Tá AgroCycle Kids ag iarraidh daoine a chur ar an eolas faoi dhramhaíl. Canfaidh na páistí rapamhrán ag CNT. Éist leo anseo!

<https://www.youtube.com/watch?v=5yzt3zwq3I>

Cuirfidh AgroCycle Kids áiseanna teagaisc (saor in aisce i nGaeilge agus i mBéarla) ar fáil do mhúinteoirí agus do pháistí. Míneoidh na pleananna ceachta agus na háiseanna do pháistí conas dramhaíl a sheachaint agus conas an domhan a shábháil ó dhramhaíl.

'Dramhaíl ar bith'...sin an teachtaireacht atá ag páistí i rang a sé ó Scoil Naomh Mhuire, Lisín na Coille, Contae na Gaillimhe, a ghlac páirt in AgroCycle Kids i mbliana in éineacht le Gaelscoil Phádraig, i mBaile Breac, agus Foghlaim Le Chéile na gCloch Liath.

Thaitin na háiseanna ó AgroCycle Kids go mór leis na páistí. Beidh na háiseanna seo do na múinteoirí agus do na páistí ar fáil ag deireadh na míosa. Ná bígí buartha...cuirfidh Eleathanach sibh ar an eolas faoi.



Seo grianghraf de na páistí i rang a sé i Scoil Naomh Mhuire, Lisín na Coille. Bhí siad sa choill in aice leis an scoil. Bhronn AgroCycle Kids teastais orthu. Bhí obair na bpáistí ar fheabhas!

Justin Bieber agus Hailey Baldwin

Tá Justine Bieber 24 bliain d'aois agus tá Hailey Baldwin 21 bliain d'aois. Is as Ceanada do Justin Bieber. Is as Meiriceá do Hailey Baldwin.

Thosaigh Justine Bieber ag canadh go proifisiúnta nuair nach raibh sé 13 bliana d'aois.

Ceapann daoine go mbeidh bainis ag Justin agus ag Hailey an mhí seo chugainn i gCeanada.



Carr Nua á Dhearadh ag Volvo

Tá Volvo ag dearadh carr nua. Beidh tú in ann dul isteach sa charr seo agus dul a chodladh! Tiomáinfidh an carr thú. Ní bheidh ort an carr a thiomáint mar sin!

Is teicneolaíocht nua é seo. Níl deireadh le carranna fós ach is smaoineamh suimiúil é! Cad a cheapann tú faoi seo?

Dlí Nua sa Fhrainc

I scoileanna sa Fhrainc níl cead ag páistí fón póca cliste a úsáid am ar bith. Is dlí é seo anois.

Más páiste scoile thú agus má tá tú faoi 15 bliana d'aois, níl cead agat fón póca cliste a úsáid ar scoil.

Cad a cheapann tú faoin dlí nua?

